Gairm ar Pháipéir
Comhlachas Cheanada an Léinn Éireannaigh
Coirp Éireannacha agus Domhain Éireannacha
29 Bealtaine – 1 Meitheamh 2019
Ollscoil Concordia, Montréal

Tá coirp – corp an duine, coirp téacsanna, coirp eolais, coirp uisce – uile lárnach sna réimeanna éagsúla a chruthaíonn an Léinn Éireannach. Léiríodh eolas faoi fhéiniúlachtaí Éireannacha trí thaispeántais fhisiciúla, cuireadh eolas in iúl trí obair liteartha agus chultúrtha agus samhlaíodh an t-eolas céanna mar a bheadh bealaí imirce, deoraíochta agus diaspóra ann. Ar an dóigh chéanna, imríonn an timpeallacht thart orthu ina maireann siad tionchar ar na coirp seo. An timpeallacht tógtha, an dúlra, domhain liteartha finscéalaíochta, an diaspóra trasatlantach – is bealaí iad seo uile le cialla nua difriúla a bhaint as an bhrí atá le coincheap an Éireannachais i sochaí domhanda.

Le "Coirp Éireannacha agus Domhain Éireannacha" mar théama, gaireann Comhlachas Cheanada an Léinn Éireannaigh ar pháipéir agus ar phainéal do Chomhdháil CAIS 2019, a thionólófar in Ollscoil Concordia, Montreal.

Seo iad na féidearthachtaí taighde a mholaimid mar threoir:
o Ginmhilleadh agus an Ghluaiseacht ar son Aisghairm ar an 8ú Leasú agus an Reifreann
o Foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach
o An domhan Éireannach i ndiadh an Bhreatimeachta
o Inscní Éireannacha
o Ról na hÉireann i ndomhain choilíneacha agus iarchoilíneacha
o An tAthrú Aeráide agus an Tírdhreach Éireannach
o Ceol agus Fuaimdhreacha
o An Ghaeilge mar choirp eolais atá i mbaol nó atá cumhachtach
o Coirp oibre litríochta agus drámaíochta
o An Diaspóra Éireannach
o Eisimirce agus deoraíocht
o Áit chomhaimseartha na hÉireann i bpolaitíocht agus i gcultúr an domhain
o Mórshiúlta agus léirithe poiblí
o Gnéasachtaí Éireannacha

Mar príomhchainteoirí do CAIS 2019 beidh an tOllamh Joanna Bourke (Birkbeck, Ollscoil Londain), an tOllamh Rhona Richman Kenneally (Concordia), an t-údar Kevin Barry ar bronnadh gradam air agus Olivia Smith, comheagarthóir na *Winter Papers*. Mar chuid de chlár na Comhdhála, reachtálfar turas siúlóide treoraithe thart ar an chuid Éireannach de Montreal chomh maith le taispeántais cheoil, léimh phoiblí agus fleá foirméalta i Sean Montreal.

Iarraimid fosta páipéir ó gach gné den Léinn Éireannach agus molaimid gó mór do mhic léinn iarchéime togra a chur isteach. Glacaimid le páipéir aonaracha agus le painéal (trí páipéar agus cathaoirleach) i mBéarla, i nGaeilge agus i bhFraincis. Seolaigí chugainn iad le bhur dtoil chuig cais2019.concordia@gmail.com roimh an **25 Samhain 2018**. Sa togra bíodh teideal, 250 focal d'achoimre do gach páipéar a chuirfear isteach, beathaisnéis ghairid agus seoladh ríomhphoist ar mhaithe le comhfhreagras amach anseo.